Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 31

# Iompar, Turasóireacht agus Spórt

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, chun íoc as deontais agus as seirbhísí áirithe eile.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair den chaiteachas don bhliain, agus
(b) a cuireadh ar fáil le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil in 2016 as leithreasaí 2015 nár caitheadh, faoi na socruithe um fhorghéilleadh iarchurtha a bunaíodh faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €2.91 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas;

***Dímheas***

Is é polasaí na Roinne ná sócmhainní a dhímheas ón dáta ceannaigh gan aon dímheas a sholáthar le linn na bliana diúscartha. Gearrtar dímheas ag na rátaí seo a leanas:

Talamh agus foirgnimh – dímheas ar bith

Troscáin agus feistis - 10%

Trealamh oifige - 20%

Mótharfheithiclí – 20%

Trealamh speisialta - 20%

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte***

Soláthraítear feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). Tá an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 freagrach as feidhmiú rialuithe laistigh de na Lárionaid Seirbhísí Comhroinnte.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte próiseas iniúchóireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a sholáthar ar oibriú rialúchán laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tá gnóthais chuntasóirí ag tabhairt faoi na hiniúchtaí i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) atá in ainm is tuairisciú do ranna úsáideora agus a n-iniúchóirí ar na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsíonn na hiniúchtaí (i) measúnú ar ullmhacht chun rioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus anailís ar bhearnaí a sholáthar, óna leanann (ii) tuarascáil ar dhearadh agus láithreacht rialuithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cé acu ar oibrigh nó nár oibrigh na rialuithe go héifeachtach.

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh seirbhísí comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar dhul chun cinn leis an bpróiseas um dhearbhú iniúchóireachta a chur i bhfeidhm agus táthar ag súil leis go ndéanfar torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, láithreacht agus oibriú na rialuithe a thuairisciú dom, faoi mar a leagtar amach sa litir sin.

Glacaim le dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte faoi mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte dom.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas le fáil

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgais agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm

- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí á chur ar an dea-chleachtas agus í i mbun ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. I 2016, thabhaigh an Roinn caiteachas ar luach iomlán €1,931,328 arbh fhiú é a lua agus atá de réir riachtanais tairisceana Náisiúnta agus AE, seachas 2 chás. Soláthraítear anailís na soláthar seo thíos:
  - Bhain €1,794,815 le híocaíochtaí i gcásanna mar a bhfuil an soláthar lánchomhlíontach, cé gur bronnadh é tar éis próisis mar a raibh soláthróir aonair i gceist. Bhí na seirbhísí seo riachtanach agus tairbheach ach tá siad thar a bheith speisialaithe agus éilíonn siad leibhéal ard saineolais.
  - Bhain €136,513 le conarthaí le 2 soláthróirí nuair nár cuireadh próiseas iomaíoch i bhfeidhm le blianta beaga anuas. Ba í an chúis a bhain leis sin ná criticiúlacht cheann de na conarthaí do riachtanais ghnó na Roinne agus i gcás an chonartha eile fuarthas é mar oidhreacht ó iarRoinn a d´aistrigh feidhmeanna chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Síneofar conradh nua sna seachtainí atá amach romhainn do cheann de na seirbhísí agus cuirfear an ceann eile san áireamh le haghaidh tairisceana faoi chreatlach na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR). Tá sé i gceist feidhm a bhaint as socruithe, a bhfuil sé tugtha le fios ag OSR go mbeidh siad i bhfeidhm le linn 2017, chun conradh a bhronnadh sa chás eile. Níor nochtadh an dá chás seo i dtuairisceán bliantúil Ciorclán 40/02.
  - Anuas air sin, deimhníodh go raibh Rannóg Airgeadais na Roinne comhlíontach le caighdeán ISO: 9001:2008 agus cuireadh síneadh ar feadh 3 bliana breise a fhad le Feabhra 2020 leis an deimhniúchán, maidir lena nósanna imeachta bainistíochta.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Tá Beartas um bainistíocht riosca i bhfeidhm ag an Roinn mar aon le clár rioscaí do gach riosca straitéiseach agus a bhaineann le gnó. Tugtar sainmhíniú sa bheartas ar riosca airgeadais mar theip ar shocruithe éifeachtacha bainistíochta agus freagrachta airgeadais a choimeád i ngach ceann de ghníomhaíochtaí na Roinne. Déantar measúnú agus scóráil ar rioscaí ar bhonn tionchair, dóchúlachta agus éifeachtacht na rialuithe atá i bhfeidhm. Faoi láthair, níl aon rioscaí airgeadais ag an Roinn a dhéantar a rátáil amhail bheith ard. Tá roinnt rioscaí straitéiseacha agus rioscaí gnó ann a shainaithnítear sa Chlár Rioscaí a rangaítear mar rioscaí a bhaineann le cúrsaí airgeadais / rialachais chorparáidigh. Rangaítear na rioscaí seo mar idir rioscaí meánleibhéil agus leibhéil ísil, agus aird ar an dóchúlacht go dtarlóidh siad agus ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm chun iad a mhaolú, go háirithe Nós Imeachta mionsonraithe um rialú nmheánach airgeadais a chur i bhfeidhm ar leibhéal Roinne.

***Ag feabhsú rialuithe i dtaca le híocaíochtaí deontais do bhóithre áitiúla agus réigiúnacha***

Tá san áireamh i gcaiteachas faoi Fho-cheannteideal B3 deontais ar luach €375 milliún d´fheabhsú agus do chothabháil na mbóithre áitiúla agus réigiúnacha. Tá an Roinn freagrach as an gclár deontais ach idir 2009 agus 2013 ghlac an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN, anois tugtar Bonneagar Iompair Éireann nó BIÉ ar an eagraíocht) freagracht do riar na ndeontas ar son na Roinne. Bhí mar chuid dá cuid gnáthamh rialaithe monatóireacht dul chun cinn ar oibreacha feabhsúcháin bhóithre ag innealtóirí agus ag cigirí ÚBN.

I 2013 thug BIÉ le fios nach raibh sé in ann tabhairt faoin obair seo a thuilleadh agus thóg an Roinn an fhreagracht uirthi féin arís as na deontais seo i 2014 ach ar mhaithe le héifeachtacht riaracháin baineann sí úsáid as an Údarás, mar ghníomhaire, chun na híocaíochtaí a eisiúint do na húdaráis áitiúla. Cuireann Rannán Bóithre na Roinne seiceálacha riaracháin i gcrích i dtaca le caiteachas. Maidir le hiniúchtaí tá sé deimhnithe ag an Roinn go rachaidh cigire innealtóireachta i mbun dualgais ar 11 Deireadh Fómhair 2017. Mar chuid de phlean todhchaí don fhórsa oibre, tá súil ag an Roinn cur leis an acmhainn seo le cigire breise innealtóireachta. Fágfaidh sin go mbeifear in ann tabhairt faoi iniúchtaí ón dáta sin ar aghaidh agus déanfar iad bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

20 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m’iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanachaag An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt
## Cuntas Leithreasa 2016

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Eitlíocht shibhialta | | | | |
| | *Bunaidh* | 26,344 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 500 | 26,844 | 25,783 | 24,792 |
| B | Iompar ar talamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,368,566 | | | |
| | *Forlíontach* | 96,100 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 5,600 | 1,470,266 | 1,466,928 | 1,391,660 |
| C | Iompar agus sábháilteacht mhuirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 95,142 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,300 | 96,442 | 91,300 | 89,519 |
| D | Seirbhísí Spóirt agus Áineasa | | | | |
| | *Bunaidh* | 126,588 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 6,200 | 132,788 | 128,771 | 102,088 |
| E | Seirbhísí Turasóireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 120,845 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,500 | 123,345 | 123,325 | 120,574 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,737,485 | | | |
| | *Forlíontach* | 96,100 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 16,100 | | | |
| | | | **1,849,685** | **1,836,107** | **1,728,633** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **383,326** | **383,627** | **405,663** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,354,159 | | | |
| | *Forlíontach* | 96,100 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 16,100 | | | |
| | | | **1,466,359** | **1,452,480** | **1,322,970** |

**Barrachas atá le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dá éis sin.

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 13,878,891 | 22,066,761 |
| Forghéilleadh iarchurtha | (10,969,000) | (16,100,000) |
| Barrachas le forghéilleadh | 2,909,891 | 5,966,761 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 28,799 | 26,625 | 26,770 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,021 | 1,081 | 985 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 2,198 | 1,597 | 1,861 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 519 | 702 | 373 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,584 | 1,611 | 1,621 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | 564 | 767 | 594 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe polasaithe | 599 | 282 | 360 |
| | | **35,284** | **32,665** | **32,564** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 1,803,442 | 1,696,068 |
| Pá | | 26,625 | 26,770 |
| Neamhphá | | 6,040 | 5,795 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,836,107** | **1,728,633** |
| Lúide | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **383,627** | **405,663** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,452,480** | **1,322,970** |
| | | | |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (4,867) | | |
| Diúscairtí airgid | 45 | | |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairtí | (45) | | |
| Dímheas | 3,338 | | |
| | | (1,529) | (2,160) |
| | | | |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 113 | | |
| Méadú ar stoc | (231) | | |
| | | (118) | 3,053 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,450,833** | **1,323,863** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 14,585 | 15,504 |
| Measchíosanna | | 4,045 | 742 |
| **Glanchostas clár** | | **1,469,463** | **1,340,109** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 31 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 135 | 105 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 9,973 | 10,102 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 4,188 | 4,812 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | m | 51 | 39 |
| An Lárchiste – Pinsin Aire | m | 238 | 446 |
| | | **14,585** | **15,504** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | **13,694** | **12,165** |
| | | **13,694** | **12,165** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| An banc agus airgead tirim | 2.3 | 11,386 | 18,774 |
| Stoic | 2.4 | 1,435 | 1,204 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,057 | 671 |
| Ioncam fabhraithe | | — | — |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 240 | 556 |
| **Sócmhainní iomlána reatha** | | **14,118** | **21,205** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,589 | 2,090 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 555 | 461 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.7 | 11,071 | 18,869 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **14,215** | **21,420** |
| **Glan (dliteanais)/sócmhainní reatha** | | **(97)** | **(215)** |
| **Glansócmhainní** | | **13,597** | **11,950** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú Stáit** | 2.1 | **13,597** | **11,950** |

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 11,950 | 12,843 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,466,359 | | |
| Forghéilleadh iarchurtha | Cuntas | (10,969) | | |
| Barrachas le forghéilleadh | Cuntas | (2,910) | | |
| Glanvóta | | | 1,452,480 | 1,322,970 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áiteanna eile | 1 | | 14,585 | 15,504 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 4,045 | 742 |
| Glanchostas clár | 1 | | (1,469,463) | (1,340,109) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **13,597** | **11,950** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscáin agus feistis | Mótarfheithiclí | Trealamh speisialta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016 | 2,396 | 20,684 | 1,911 | 13,031 | 19,739 | 57,761 |
| Coigeartú[a] | — | (73) | — | — | 73 | — |
| Breisiúcháin | — | 1,251 | 21 | 1,688 | 1,907 | 4,867 |
| Diúscairtí | — | (431) | — | (511) | — | (942) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016 | 2,396 | 21,431 | 1,932 | 14,208 | 21,719 | 61,686 |
| **Dímheas carnach** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | — | 17,471 | 1,370 | 9,132 | 17,623 | 45,596 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,083 | 239 | 1,329 | 687 | 3,338 |
| Diúscairtí | — | (431) | — | (511) | — | (942) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2016 | — | 18,123 | 1,609 | 9,950 | 18,310 | 47,992 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016** | **2,396** | **3,308** | **323** | **4,258** | **3,409** | **13,694** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **2,396** | **3,213** | **541** | **3,899** | **2,116** | **12,165** |

* Le linn iniúchta inmheánaigh i rith na bliana, aithníodh roinnt sócmhainní mar chinn a bhaineann le catagóirí éagsúla.

Tá an Roinn i mbun pléite leanúnacha le OOP i dtaca le húinéireacht fhoirgneamh áirithe de chuid an Gharda Cósta. Níor gearradh aon dímheas ag feitheamh le toradh a leithéid de phléite.

| **2.3 An Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead PMG | 11,269 | 18,703 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 117 | 71 |
| | **11,386** | **18,774** |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas agus soláthairtí oifige | 23 | 25 |
| Tomhaltáin TF | 51 | 18 |
| Tomhaltáin speisialta (Gardaí Cósta na hÉireann) | 1,361 | 1,161 |
| | **1,435** | **1,204** |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cnapshuimeanna scoir | — | 46 |
| Seirbhísí gníomhaireachta an OPW | 211 | 418 |
| Eile | 29 | 92 |
| | **240** | **556** |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna a bhí dlite don Stát | — | — |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 3 | 2 |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinneáil Cáin | 13 | 148 |
| Cáin Bhreisluacha | 278 | 29 |
| Cáin Chonartha Iomchuí | 227 | — |
| | 521 | 179 |
| Muirir phinsin | 31 | 229 |
| Eile | 3 | 53 |
| | **555** | **461** |

| **2.7 Glandliteanas leis an Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le forghéilleadh | 2,910 | 5,967 |
| Forghéilleadh iarchurtha | 10,969 | 16,100 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (2,808) | (3,198) |
| Glandliteanas leis an Státchiste | **11,071** | **18,869** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc | 11,386 | 18,774 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 240 | 556 |
| | 11,626 | 19,330 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (521) | (179) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (34) | (282) |
| | (555) | (461) |
| | **11,071** | **18,869** |

| **2.8 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais dhomhand** | | |
| (i) Fotheidil éadála | 350,172 | 415,570 |
| (ii) Fotheidil deontais | 119,493 | 142,886 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | **469,665** | **558,456** |

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| **b) Ceangaltais faoi Fhotheidil Éadála** | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí héileacaptair chuardaigh agus tharrthála[a] | 329,864 | 389,872 |
| Aerfoirt | 8,357 | 15,973 |
| Ceadúnú feithiclí/tiománaithe | 7,737 | 5,872 |
| Taisteal inmharthana | 400 | 800 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí | 257 | 273 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 273 | 545 |
| Seirbhísí Ghardaí Cósta na hÉireann | 3,284 | 2,235 |
| | **350,172** | **415,570** |

| **c) Ceangaltais Deontais Chaipitil** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 142,866 | 128,125 |
| Deontais a íoctar sa bhliain | (53,088) | (46,315) |
| Ceangaltais nua deontais | 40,065 | 61,523 |
| Dídhílsithe deontais | (10,350) | (467) |
| Iarmhéid deiridh | **119,493** | **142,866** |

**d) Ceangaltais Ilbhliantúla chaipitil**

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2015 | Caiteachas i 2016 | Blianta ina dhiaidh seo | Caiteachas iomlán ionchais saolré an tionscadail 2016 | Caiteachas iomlán ionchais saolré an tionscadail 2015 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Limistéir Taistil Níos Cliste | 19,150 | 2,900 | 1,200 | 23,250 | 23,250 |
| An Clár Caipitil Spóirt | — | 13,087 | 16,913 | 30,000 | — |

**2.9 Dliteanais Aibithe**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán de dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | 57 | 31 |

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Eitlíocht shibhialta** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | | 2,879 | 2,661 | 2,825 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | 667 | 605 | 975 |
| A.3 | Aerfoirt réigiúnacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,600 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 500 | 13,100 | 13,300 | 11,993 |
| A.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | | | 10,198 | 9,217 | 8,999 |
| | | | | **26,844** | **25,783** | **24,792** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.061 milliún ní b'ísle ná mar a measadh (arb ionann sin agus athraitheas 4%). Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | 981 | Íocann an Roinn costais síntiúis do Eurocontrol agus forchúitíonn sí an maoiniú ó Údarás Eitlíochta na hÉireann. Bhí luach níos lú ag baint lena leithéid de chostais ná mar a bhíothas ag súil leis sa bhliain. |

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Iompar ar talamh** | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | 10,080 | 10,118 | 9,295 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,079 | 2,295 | 2,003 |
| B.3 | Feabhsú/cothabháil bóithre | | | | |
| | *Bunaidh* | 720,073 | | | |
| | *Forlíontach* | 88,100 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 4,000 | 812,173 | 811,798 | 764,860 |
| B.4 | Gníomhaireachtaí agus costais um shábháilteacht ar bhóithre | | 5,166 | 4,819 | 4,504 |
| B.5 | Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | | 15,200 | 15,712 | 15,471 |
| B.6 | Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,555 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 1,600 | 15,155 | 12,116 | 20,292 |
| B.7 | Íocaíochtaí um sholáthar seirbhís poiblí | | 250,059 | 249,804 | 221,272 |
| B.8 | Clár infheistíochta iompair phoiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 346,838 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,000 | 354,838 | 354,738 | 338,974 |
| B.9 | Gníomhaireachtaí agus costais ghníomhaireachtaí iompair phoiblí | | 5,438 | 5,438 | 14,913 |
| B.10 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | 78 | 90 | 76 |
| | | | **1,470,266** | **1,466,928** | **1,391,660** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €3.338 milliún ní b’ísle ná mar a measadh, arb ionann sin agus athraitheas 0.23%). Bhí seo go príomha mar gheall ar an méid a leanas:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Feabhsú/cotha bháil bóithre | 375 | Rinneadh freastal ar chaiteachas breise ar luach €88.1 milliún ag meastachán forlíontach chun íoc as costais deisithe dianaimsire a rinneadh ar bhóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí agus costais um shábháilteacht ar bhóithre | 347 | Soláthraíodh maoiniú do ghléasanna druga an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre mar riachtanas nua faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre. Ós rud é nach raibh tús curtha leis an Acht, níorbh fhéidir an leithdháileadh iomlán a chaitheamh. Tugadh suim ar luach €347,000 anonn go 2017. |
| Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | (512) | Bhí an ró-chaitheamh mar thoradh ar mhéadú ar chostais phostais in 2016 chun Comhad Náisiúnta na bhFeithiclí agus na dTiománaithe a oibriú agus ar chistí breise a theastaigh chun íoc as costais tionscadal nua TF (Taifead na Máistir-Cheadúnas). |
| Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin | 3,039 | D´eascair an tearc-chaitheamh as moill i seachadadh tionscadal áirithe a bhaineann leis an nGréasán Náisiúnta Raonta Rothar – ba í an mhoill ba chriticiúla ná an ceann a tharla i gCiarraí agus i nGaillimh mar gheall ar cheisteanna úinéireachta talaimh agus pleanála maidir le seachadadh tionscadal de chuid an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar. Cuireadh moill ar thionscadal i dTiobraid Árann mar gheall ar cheisteanna conartha agus cuireadh moill freisin ar thionscadal Bhaile Thaistil Ghníomhaigh i dTrá Lí, Co. Chiarraí, ós rud é gur aithníodh agus go bhfuarthas malairt raoin rothar a bhí níos fearr ach a raibh níos mó ama ag teastáil chun é a sheachadadh. |

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Iompar agus sábháilteacht mhuirí** | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 13,247 | 11,449 | 12,119 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 3,104 | 2,597 | 2,429 |
| C.3 | Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 78,705 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,300 | 80,005 | 77,174 | 74,887 |
| C.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | 86 | 80 | 84 |
| | | | **96,442** | **91,300** | **89,519** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €5.142 milliún ní b'ísle ná mar a measadh, agus b'ionann sin agus athraitheas 5%. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann | 2,831 | Tharla an t-athraitheas go príomha mar gheall ar choigilteas reatha agus caipitil a baineadh amach maidir le Coimisinéirí Soilse na hÉireann (CSÉ). Ní raibh ar CSÉ leithdháileadh iomlán 2016 a tharraingt anuas ós rud é go raibh siad in inmhe níos mó dá gcuid costas oibriúcháin a mhaoiniú as a gcuid acmhainní féin. Ina theannta sin, rinneadh coigilteas ar luach €172,000 maidir le Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM). |

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Seirbhísí spóirt agus áineasa** | | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | | 1,719 | 1,598 | 1,592 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | 379 | 362 | 246 |
| D.3 | Deontais do chomhlachtaí spóirt agus soláthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 42,200 | 39,624 | 28,058 |
| D.4 | Deontais do sholáthar agus d’athchóiriú linnte snámha | | 5,600 | 4,278 | 1,563 |
| D.5 | Spórt Éireann (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 72,190 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 6,200 | 78,390 | 78,416 | 68,687 |
| D.6 | Cistiú na gcuntas díomhaoin le haghaidh bearta spóirt | | 4,500 | 4,493 | 1,942 |
| | | | **132,788** | **128,771** | **102,088** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €4.017 milliún ní b’ísle ná mar a measadh, arb ionann sin agus athraitheas 3%. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,576 | D´eascair an t-athraitheas mar gheall ar thabhairt anonn ar luach €3.5 milliún go 2017 d´Acadamh Spóirt Chiarraí, ós rud é nach ndeachthas ar aghaidh leis an tionscadal chomh tapa agus a bhí beartaithe. Fritháiríodh seo ag suim ar luach €925,000 maidir le maoiniú d´athfhorbairt Pháirc Uí Chaoimh, a tarraingíodh anuas níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Deontais do sholáthar agus d’athchóiriú linnte snámha | 1,322 | Baineann an tearc-chaitheamh anseo le tionscadal amháin – Linn Snámha Dhún Mánmhaí – áit a raibh moilleanna ar roinnt saincheisteanna dlíthiúla a chríochnú. Tugadh an tsuim a bhí le híoc anonn go 2017. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| E | **Seirbhísí turasóireachta** | | | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | | 874 | 799 | | 938 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | 256 | 181 | | 144 |
| E.3 | Fáilte Éireann (deontas i gcabhair) | | 57,217 | 57,347 | | 55,831 |
| E.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta – deontas riaracháin agus do chostais ghinearálta | | 14,430 | 14,430 | | 14,758 |
| E.5 | Ciste margaíocht turasóireachta (deontas i gcabhair) | | 35,053 | 35,053 | | 34,053 |
| E.6 | Forbairt táirge turasóireachta (deontas i gcabhair) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,015 | | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 2,500 | 15,515 | 15,515 | | 14,850 |
| | | | **123,345** | **123,325** | | **120,574** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €0.02 milliún ní b'ísle ná mar a measadh, arb ionann sin agus athraitheas 0.02%. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 75 | Baineann an tearc-chaitheamh le tionscadail áirithe sainchomhairleoireachta agus le costais theagmhasacha eile nár leanadh ar aghaidh leo. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | | |
| 1. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | 3,500 | 3,478 | 4,387 |
| **Eitlíocht shibhialta** | | | | | |
| 2. | Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 7,095 | 6,238 | 6,155 |
| 3. | Aisghabháil cíosanna, srl Údarás Eitlíochta na hÉireann | | 394 | 394 | 394 |
| 4. | Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | | 2,391 | 2,655 | 2,132 |
| **Iompar ar talamh** | | | | | |
| 5. | Táillí ceadúnais iompar bóthair | | 700 | 1,287 | 953 |
| 6. | Fáltais ó Chiste an Rialtais Áitiúil | | 361,243 | 361,243 | 370,043 |
| 7. | Fáltais ilghnéitheacha iompair ar talamh | | 2,488 | 2,460 | 16,379 |
| **Iompar agus Sábháilteacht Mhuirí** | | | | | |
| 8. | Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919 | | 450 | 491 | 445 |
| **Seirbhísí Turasóireachta** | | | | | |
| 9. | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | | 175 | 311 | 280 |
| **Seirbhísí Spóirt** | | | | | |
| 10. | Fáltais phinsin ó Spórt Éireann | | 90 | 133 | 412 |
| 11. | Cuntais Díomhaoine | | 4,500 | 4,493 | 1,942 |
| **Fáltais Ilghnéitheacha** | | | | | |
| 12. | Fáltais ilghnéitheacha | | 300 | 444 | 2,141 |
| | **Iomlán** | | **383,326** | **383,627** | **405,663** |

**Míniú ar athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ioncam a fuarthas trí Leithreasaí i gCabhair €0.3 milliún ní b'airde ná mar a measadh, arb ionann sin agus athraitheas 0.08%. Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas.

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 857 | Íocann an Roinn táillí bliantúla síntiúis d´Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, m.sh. Eurocontrol, EESI, CEES agus ABIS, agus forchúitíonn sí maoiniú ó Údarás Eitlíochta na hÉireann. Bhí a leithéid de chostais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis sa bhliain, faoi mar a léirítear i bhFo-cheannteideal A4, agus bhí na suimeanna a forchúitíodh níos ísle dá réir. |
| Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | (264) | Forchúitíonn an Roinn costais áirithe ó Údarás Eitlíochta na hÉireann do réimse na heitlíochta le haghaidh árachais, tuarastal, taistil agus liúntas cothaithe srl., nuair a bhaineann siad seo le réimsí polasaí leithéidí polasaí loingseoireachta aeir agus polasaí sábháilteachta aeir. Mar gheall ar nádúr na ceiste seo bíonn sé deacair na costais seo a thuar. |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí ceadúnais iompar bóthair | (587) | Mar gheall ar an gcor chun feabhais i ngníomhaíocht tarlaithe ar bóthar, fuarthas ní ba mhó iarratas (agus táillí gaolmhara) ar cheadúnais agus ar athnuachan ná mar a rabhthas ag súil leis. |
| Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | (136) | Tá fáltais mhéadaithe mar thoradh ar athraithe ar rialacha na scéime pinsin a mhéadaigh an leibhéal ranníocaíochtaí pinsin a bhí iníoctha ag foireann Thurasóireacht Éireann. |
| Fáltais ilghnéitheacha | (144) | Tá fáltais mhéadaithe mar thoradh ar aisíocaíochtaí ní b’airde ó FSS as an héileacaptar cuardaigh agus tarrthála a úsáid agus as aisíocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla as soláthairtí salainn. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Cíosanna Fhorbairt na Sionainne [a] | 11 | 10 |
| Aisíocaíochtaí an deontais chaipiteal spóirt [b] | 31 | 12 |
| Aisíocaíocht deontais neamhchaite an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre [c] | 292 | — |
| Fáltas ó Bhus Éireann d'iompar scoile [d] | 247 | 250 |
| Fáltas an AE le haghaidh thionscadal na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (an CEF) | — | 3,233 |
| Díol caipitiúil sócmhainní [e] | 10 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin agus seirbhís bharúlach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre[f] | 483 | 509 |
| Géilleadh deonach pá | — | 14 |
| Aisíocaíocht an iarmhéid bainc [g] | 38 | 6 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (1,112) | (4,034) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

[a] Airgead le haghaidh cíosanna a bhailítear ag Údarás Aerfort na Sionainne (ÚAS) ar son an Aire

[b] Tugadh airgead deontais ar ais don Vóta mar gheall, i ndiaidh go ndearna an Roinn scrúdú, bhí sé mar chonclúid gur tarraingíodh an t-airgead anuas ar bhealach a sháraigh téarmaí agus coinníollacha an Chláir Chaipitil Spóirt.

[c] D´aisíoc an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre airgead áirithe deontais nár caitheadh.

[d] Baineann an fáltas ó Bhus Éireann d´iompar scoile le muirear dímheasa a íoctar d´úsáid fheithiclí de chuid Bus Éireann ar bhealaí éagsúla.

[e] Airgead a fuarthas ó Údarás Aerfort Chorcaí a dhíscaoileadh agus as sócmhainní a dhiúscairt

[f] Gníomhaíonn an Roinn mar an t-idirghabhálaí maidir le híoc bliantúil na ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as pá fhoireann ÚSB.

[g] Aisíoc airgid ó Oifig na nOibreacha Poiblí i dtaca le feistiú oifige.

# 5 Líonta agus Pá Fostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne amhail dheireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| **Rannóg** | 459 | 428 |
| **Gníomhaireachtaí** | | |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 20 | 17 |
| Fáilte Éireann | 324 | 313 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 35 | 35 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 82 | 71 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | 14 | 11 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 322 | 312 |
| Turasóireacht Éireann | 142 | 145 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 256 | 267 |
| Spórt Éireann | 34 | 34 |
| | 1,688 | 1,633 |

| **Foireann na Roinne amháin** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 23,577 | 23,710 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgais breise | 416 | 433 |
| Liúntais eile | 445 | 539 |
| Ragobair | 589 | 625 |
| ÁSPC Fostóra | 1,598 | 1,461 |
| **Pá iomlán** | **26,625** | **26,768** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht uasta aonair 2016** | **Íocaíocht uasta aonair 2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 89 | 44 | 20,374 | 21,406 |
| Liúntais eile | 82 | 1 | 17,228 | 22,497 |
| Ragobair | 93 | 18 | 36,510 | 32,409 |
| Luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin | 61 | 58 | 43,624 | 40,977 |

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Rinneadh ceathrar státseirbhíseach ar scor, a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu, a athfhostú ar bhonn táillí ar chostas iomlán €79,670. Cuireadh rialacha laghdaithe pinsin i bhfeidhm sa chás cuí.

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

De réir na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), atá freagrach as próiseáil phárolla na Roinne, b´ann do 33 chás ró-íocaíochta ag deireadh na bliana, ar luach iomlán €64,841, i gcomparáid le 48 cás i 2015 (ar luach iomlán €115,337). Astu seo, b'ann do 13 chás (a bhain le €14,131) ina bhfuil pleananna i bhfeidhm leis na daoine aonair atá i gceist chun na ró-íocaíochtaí a aisghabháil. Sholáthair an ONSC dearbhú don Roinn go bhfuil meicníocht dhaingean i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar aisghabháil na ró-íocaíochtaí seo.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne an Crannchur Náisiúnta caiteachas iomlán €118.04 milliún (€96.74 milliún in 2015) faoi fhotheidil D.3 agus D.5 a pháirtchistiú.

Tá fáil ar liosta iomlán íocaíochtaí le deonaithe faoi fhotheideal D.3 ar láithreán gréasáin na Roinne, www.dttas.ie.

### 6.2 Costais Dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí na Roinne | Costais dlí a deonaíodh | Cúiteamh a deonaíodh | 2016 Iomlán | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh arna ndéanamh ag an bpobal** | | | | | | |
| Bainistithe ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 1 | 96 | — | — | 96 | 87 |
| Eile | 3 | 242 | — | 70 | 312 | 284 |
| | | 338 | — | 70 | 408 | 371 |

### 6.3 Arbitration and Conciliation

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí in 2016 ná in 2015 le conraitheoirí ná le daoine eile chun íoc as costais an idir-réitigh agus as imeachtaí eadrána.

### 6.4 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt cásanna dlí. Ní féidir leis an Roinn toradh a leithéid de chásanna a thuar.

### 6.5 Díscríobh

I Meán Fómhair 2016, cuireadh tús le fiosrúchán neamhreachtúil ar na cúinsí agus na fíricí a bhain le ticéid a athdhíol le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Rio. Ag 31 Nollaig 2016, bhíothas tar éis íocaíochtaí ar luach €9,200 a dhéanamh maidir le costais an fhiosrúcháin.

### 6.6 Tabhairt Anonn go dtí 2017

Faoi fhoráil alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, tugadh €10.9 milliún i leithdháileadh neamhchaite i dtaca le gnéithe caipitiúla d'fhotheidil B.3, B.4, B.8, D.3 agus D.4 agus D.5 anonn go dtí 2017.